

AINM AN ÚDARÁIS PHLEANÁLA.¹

FÓGRA SUÍMH

Tá sé i gceist agamsa, _____², iarratas a dhéanamh ar chead / ar chead coinneála / ar chead imlíne / ar chead de dhroim cead imlíne a bheith bronnta (Uimh. Thagartha an cheada imlíne)³ le forbairt a dhéanamh ar an tsuíomh seo

4

Is é atá/ a bheas san fhorbairt ná⁵ _____

6

Is féidir an t-iarratas pleanála a scrúdú nó a cheannach ar chostas nach mó ná an costas réasúnta a bheadh ar chóip a dhéanamh, in oifigí an údaráis phleanála i rith ghnáthuaireanta oscailte poiblí na hoifige.

Is féidir aighneacht a dhéanamh nó tuairim a thabhairt i scríbhinn, maidir leis an iarratas, chuig an údarás pleanála ach an táille atá leagtha síos, is é sin €20.00, a íoc taobh istigh de thréimhse 5 seachtaine, ag toiseacht ón dáta a bhfaigheann an t-údarás an t-iarratas, agus cuirfidh an t-údarás pleanála na haighneachtaí nó tuairimí seo san áireamh agus iad ag déanamh cinnidh i dtaca leis an iarratas. D'fhéadfadh an t-Údarás Pleanála cead a thabhairt faoi réir ag coinníollacha, nó saor ar choinníollacha, nó d'fhéadfadh siad cead a dhiúltú.

Sínithe: _____⁷

Dáta a cuireadh / a chuirfear suas an fógra suímh _____⁸

Treoracha leis an Fhógra seo a Chomhlánú

1. Ba chóir ainm an údaráis phleanála, a gcuirfear an t-iarratas pleanála chuige, a chur isteach anseo.
2. Ba chóir ainm an iarratasóra (agus chan a g(h)níomhaire) a chur isteach anseo.
3. Scríos mar is cuí. Is iad na cineálacha ceada a thig a iarraidh ná -
 - (a) cead,
 - (b) cead coinneála,
 - (c) cead imlíne,
 - (d) cead de dhroim cead imlíne a bheith bronnta. Más é an cineál seo ceada atá á lorg, ba chóir an uimhir thagartha atá ar chlár pleanála an cheada imlíne chuí a chur isteach.
4. Ba chóir áit, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas, a chur isteach anseo.
5. Scríos mar is cuí. Ba chóir an aimsir láithreach a úsáid nuair is cead coinneála atá á lorg.
6. Ba chóir cur síos gairid a dhéanamh ar chineál agus ar fhairsinge na forbartha anseo. Is é a bheas sa chur síos ná -
 - (a) líon tithe atá le soláthar, nuair a bhaineann an t-iarratas le forbairt tithe Sán áireamh le 'tithe' anseo tá foirgnimh atá deartha mar dhá theaghais nó níos mó, nó arasáin nó teaghaisí eile taobh istigh d'fhoirgneamh,
 - (b) nuair a bhaineann an t-iarratas le struchtúr a choinneáil, cineál úsáide atá beartaithe don struchtúr agus, nuair is cuí, an tréimhse a bhfuil sé i gceist an struchtúr a choinneáil.
 - (c) nuair a bhaineann an t-iarratas le forbairt ar a ndéanfaí oibreacha ar struchtúr cosanta nó struchtúr cosanta beartaithe, é sin a chur in iúl,
 - (d) nuair a ullmhaíodh ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura i dtaca leis an iarratas pleanála, é sin a chur in iúl,
 - (e) nuair a bhaineann an t-iarratas le forbairt ina bhfuil gníomhaíocht, nó atá le haghaidh gníomhaíochta, a mbíonn gá le ceadúnas um rialú ar thruailliú nó ceadúnas dramhaíola fána coinne, é sin a chur in iúl, nó
 - (f) nuair a bhaineann iarratas pleanála le forbairt ina soláthraítear bunaíocht, nó ina ndéanfar athruithe ar bhunaíocht, laistigh den chiall atá le hAlt 11 de na Rialacháin seo (An Treoir um Mhórthimpistí), é sin a chur in iúl.
7. Ba chóir síniú an iarratasóra nó síniú agus seoladh poist an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra a chur isteach anseo.
8. Ba chóir an dáta a gcuirtear suas nó a gceanglaítear an fógra ar an tsuíomh a chur anseo.